

Iarratas ar Fhaomhadh Eitice do Thograí Taighde

Teideal an Taighde

Uimhir Thagartha an Taighde¹

Ainm an Taighdeora

Seoladh Ríomhphoist

Catagóir an Togróra (cuir tic leis)

Mac Léinn ☐

Príomhthaighdeoir (**Foireann**) ☐

Más mac léinn thú, líon isteach an méid seo a leanas: Uimhir Mhac Léinn:

Cúrsa Léinn: B.Oid.____ B.Eol.____ MGO____ MLO____ Eile: ____

Cur in iúl leibhéal an fhaofa atá ag teastáil (Féach na nótaí ag gabháil leis seo).

Leibhéal 0

☐

Leibhéal 1

☐

Leibhéal 2

☐

1. Tabhair cuntas anseo ar an taighde atá beartaithe, lena n-áirítear na modhanna a mbainfidh tú úsáid astu (thart faoi 300 focal).

¹ Uimhir thagartha taighde (ar fáil ó Mai Ralph sula gcuirfear an t-iarratas isteach). Ba cheart go gcuirfí an uimhir seo ag tús comhadainm aon chomhaid nó ríomhphoist a sheoltar maidir leis an iarratas seo. Cuir 1, 2, 3, i ndiaidh na huimhreach tagartha i gcomhréir le líon na ndoiciméad a sheoltar leis an iarratas.

2. Tabhair freagra ar na ceisteanna seo a leanas maidir leis an taighde atá beartaithe agat. Beidh mionmhíniú ag teastáil más é ‘baineann’ nó ‘d’fhéadfadh’ an freagra ar cheisteanna (b), (c) nó (d) agus cuirfear ar aghaidh iad chuig Coiste Marino um Eitic i dTaighde le breis grinnscrúdaithe a dhéanamh orthu.		
	Ciorclaigh	
a. An mbaineann an taighde le hobair le páistí (faoi bhun 18 mbliana d’aois) nó le haosaigh leochaileacha? Má bhaineann, an bhfuarthas imréiteach cuí an Gharda Síochána (nó a mhacasamhail)? Cuir na sonraí ar fáil. Cuir dáta eisithe an imréitigh ón nGarda Síochána ar fáil.	Baineann	Ní bhaineann
	Fuarthas	Ní bhfuarthas
b. An mbaineann an taighde le hobair le mic léinn a dhéanann modúl atá á theagasc agat nó le mic léinn a ndéanann tú measúnú orthu?	Baineann	Ní bhaineann
c. An bhféadfadh aon chineál dochair do na rannpháirtithe, lena n-áirítear an taighdeoir/na taighdeoirí, a bheith mar thoradh ar aon ghné den taighde?	D’fhéadfadh	Ní fhéadfadh
d. An bhféadfadh sé go ndéanfaí na rannpháirtithe nó daoine eile a ionchúiseamh mar thoradh ar eolas a thiocfadh chun solais de bharr aon ghné den taighde?	D’fhéadfadh	Ní fhéadfadh
e. An bhfuil dallamullóg ar na rannpháirtithe beartaithe mar gheall ar aon ghné den taighde? Cuir na sonraí ar fáil má tá.	Tá	Níl
f. An mbaineann aon ghné den taighde le hothair (nó a ngaolta nó a gcúramóirí) nó le húsáideoirí eile na seirbhísí sláinte agus na gcúram sóisialta, nó le háitreabh nó saoráidí de chuid seirbhísí den chineál sin, le rochtain ar thaifid phearsanta nó le rannpháirtíocht fhoireann sláinte nó foireann chúraim shóisialta?	Baineann	Ní bhaineann

3. (a) Cé hiad na rannpháirtithe a mholtar, m.sh., múinteoirí, mic léinn, daltaí?

(b) Cén caidreamh atá agat leo? (Má tá údarás agat orthu, mar shampla, luaigh an chaoi ina bpléifidh tú le tionchar féideartha caidreamh den chineál sin.)

4. (a) Cén chaoi a n-earcóidh tú rannpháirtithe?

(b) Leag amach sonraí aon ghnéithe eitice ar cheart iad a mheas, lena n-áirítear aon úsáid dreasachtaí atá molta.

5. (a) Cén t-ionad/cé na hionaid ina mbaileofar na sonraí?

(b) Tabhair cur síos ar aon chúinsí a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar imní slándála do rannpháirtithe nó do thaighdeoirí.

6. Léirigh an chaoi a bhfaighfear toiliú/ aontú feasach na rannpháirtithe go léir. I gcás rannpháirtithe faoi bhun 18 mbliana d'aois, léirigh cén chaoi a bhfaighfear toiliú/ aontú feasach an rannpháirtí agus thuismitheoir/chaomhnóir an rannpháirtí. (NÍ MÓR dréachtfhoirmeacha i ndáil le toiliú/ le haontú feasach a cheangal – féach ceist 8 maidir le treoir).

7. (a) Léirigh an chaoi a gcosnófar ceart na rannpháirtithe chun príobháideachta (lena n-áirítear rúndacht agus anaithnideacht) agus príobháideacht a sonraí. Léirigh teorainneacha féideartha leis an rúndacht ar an bhfoirm eitice agus ar na leathanaigh eolais do rannpháirtithe (m.sh., le haghaidh samplaí beaga nó taighde ar an taobh istigh agus an chaoi a bpléifear leis seo).

(b) Léirigh an chaoi a stórálfar na sonraí freisin (agus an chaoi a scriosfar iad ar deireadh de réir mar is cuí).

8. Lión amach an seicliosta thíos le deimhniú gur chuimhnigh tú ar gach gné eiticiúil de thoiliú.	Ticeáil
(Tabhair faoi deara nach mór na foirmeacha i ndáil le toiliú/ le haontú a chur leis an iarratas seo agus go n-iarrfar leasuithe ort má bhíonn aon easnaimh sna sonraí).	
Tá an fhoirm chúí/na foirmeacha cuí i ndáil le toiliú/ le haontú ceangailte agam ar a n-áirítear an tsaoirse éirí as ag céim ar bith gan cúis a thabhairt.	
Tá sonraí teagmhála iomlána an taighdeora ar gach foirm i ndáil le toiliú/ le haontú chun gur féidir leis na rannpháirtithe ionchasacha fiosrúcháin a dhéanamh ar ball.	
Tá sonraí iomlána chuspóir an taighde agus an ról atá beartaithe don rannpháirtí ar tugadh cuireadh dó/di páirt a ghlacadh ann ar an bhfoirm i ndáil le toiliú/ le haontú i dteanga shoiléir neamhtheicniúil.	
Tá sonraí iomlána na húsáide a mbainfear as na sonraí (i ngach formáid: téacs, ó bhéal, físeán, íomhánna, etc.), lena n-áirítear gur chun críche taighde a scaipeadh atá siad.	
Léirítear ar gach foirm i ndáil le toiliú/ le haontú an chaoi a ndéanfar príobháideacht na rannpháirtithe agus a sonraí a chosaint, lena n-áirítear an chaoi a scriosfar iad ar deireadh de réir mar is cuí.	

Deimhnítear ar gach foirm i ndáil le toiliú/ le haontú go ndéanfar na sonraí a bhailiú (ceistneoirí, agallaimh, tástálacha, srl.) ar bhealach a bheidh tuisceanach agus nach mbainfidh aon strus leis, agus go mbeidh sé de cheart ag an rannpháirtí éirí as an rannpháirtíocht uair ar bith gan cúis a thabhairt.	
Léirigh aon rud eile ar mian leat é a rá faoin bhfoirm/na foirmeacha i ndáil le toiliú/ le haontú anseo.	

Ar seoladh do thogra chuig aon Choiste eile um Eitic i dTaighde? Seoladh/Níor Seoladh. Má seoladh, tabhair na sonraí anseo:

Ráiteas ó na Togróirí go Léir:

Léigh mé agus thuig mé polasaí Institiúid Oideachais Marino maidir le heitic i dtaighde ar oideachas agus Polasaí Dea-Chleachtais Taighde Choláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath.

Dearbhaím gur léiriú cruinn ar mo thogra taighde iad na sonraí thuas agus geallaim go lorgóidh mé faomhadh nuashonraithe má mholtar athruithe suntasacha tar éis na haighneachta seo. Tá sraith údarásach de threoirínte maidir le taighde ar oideachas ceadaithe agam.

Sínithe: Dáta

(Mic Léinn Amháin) Tá mo mholtaí bunaithe ar chomhairliúchán le mo stiúrthóir(i).

Sínithe: Dáta

Síniú an Stiúrthóra: **(Togra Mic Léinn Amháin,** an chéad stiúrthóir amháin má tá beirt ann)

Sínithe: Dáta

I gcásanna ina measfaidh stiúrthóirí gur tábhachtach é go gcuirfidh Coiste Marino um Eitic i dTaighde a saineolas speisialaithe san áireamh (e.g. maidir le réimsí atá fíorógair mar thráma/mhí-úsáid), cuir aon eolas ábhartha ar leathanach breise isteach leis seo.

Faomhadh Deiridh Sínithe ag an gCoiste um Eitic i dTaighde

Sínithe: Dáta
